Riail 2: Bíonn cruthanna ar an taobh clé scáthaithe má tá líon corr taobhanna orthu, faoi mar a bhíonn cruthanna ar an taobh deas scáthaithe nuair a bhíonn líon cothrom taobhanna orthu.

Riail 3: Bíonn an cruth taobh istigh den chiorcal scáthaithe gach dara seal.

85. A

Riail 1: Is comhartha í saighead atá á díriú suas go gcuirfear taobh le cruth; má tá saighead á díriú síos, is amhlaidh a bhainfear taobh de chruth. Is comhartha í saighead atá á díriú ar chlé go mbeidh cruth nua le feiceáil, faoi mar gur comhartha saighead atá á díriú ar dheis go n-imeoidh cruth as amharc. Tarlaíonn gach claochlú sa chéad seal eile.

Riail 2: Bíonn gach dara cruth a thagann chun cinn scáthaithe.

Riail 3: Ní fhéadfar go mbeidh dhá shaighead dírithe sa treo céanna i bhfíor ar bith.

86. B

Riail 1: Má tá saighead chothrománach neamhscáthaithe dírithe ar chiorcal, is amhlaidh a bheidh sí scáthaithe sa chéad seal eile.

Riail 2: Más dírithe síos atá saighead, is amhlaidh a bheidh an dá chiorcal scáthaithe sa ró áirithe sa chéad seal eile, agus más dírithe suas atá sí, ní bheidh ceachtar díobh scáthaithe.

Riail 3: Má tá saighead scáthaithe, is amhlaidh a bhíonn a mhalairt d'éifeacht ar an éifeacht réamhshocraithe a ndéantar cur síos uirthi thuas. I gcás saighead cothrománach, ciallaíonn an méid sin go ndéanfar an ciorcal ‘taobh thiar’ den tsaighead a scáthú.

87. D

Riail 1: Déantar an lána ag an mbarr a scrolláil ar dheis, faoi mar a dhéantar an lána ag an mbun a scrolláil ar chlé. Féach Riail 3 chomh maith.

Riail 2: Athraítear scáthú cruthanna má imíonn siad as amharc ar thaobh amháin agus má bhíonn siad le feiceáil arís ar an taobh eile.

Riail 3: Má bhíonn ciorcal le feiceáil sa lár, is amhlaidh a mhalartaítear treo scrolláilte na lánaí ón gcéad seal eile.

88. E

Riail 1: Rothlaítear an píchairt uachtarach ar chlé 45 céim ar deiseal gach seal, faoi mar a léirítear sa choirnéal íochtarach ar chlé ionad na píchairte ag an mbarr ón seal roimhe sin. Déantar amhlaidh sna píchairteacha ar dheis ach is ar tuathal a dhéantar na rothluithe.

Riail 2: Gach babhta a bhíonn píchairt á díriú suas, is amhlaidh a bhíonn ciorcal le feiceáil a fhanann ansin ar feadh an chuid eile den tsraith.

Riail 3: Bíonn líon na gciorcail scáthaithe cothrom le líon na bpíchairteacha a dhírítear síos sa seal reatha.

89. A

Riail 1: Malartaítear an scáthú idir scáthú ar an trasnán clé – scáthú sa lár – agus scáthú ar an trasnán deas den struchtúr.

Riail 2: Gach babhta a bhíonn an t-ubhchruth mór sa lár scáthaithe, is amhlaidh a rothlaítear an déantús iomlán 90 céim ar deiseal.

Riail 3: I ngach seal, bíonn ciorcal beag le feiceáil sa chiorcal a bhí scáthaithe roimhe sin.

90. C

Riail 1: Is triantán é an cruth beag sa choirnéal uachtarach ar chlé ar dtús, ansin cuirtear aon taobh amháin leis ar feadh dhá sheal, ansin baintear taobh de sa tríú seal. Ansin déantar aisfhilleadh ar an bpatrún seo.

Riail 2: Chomh fada agus a bheidh taobhanna á gcur leis an gcruth uachtarach ar chlé, is amhlaidh a chuirfear píosa nua leis an gciorcail chomh maith.

Riail 3: Bíonn an ciorcail scáthaithe le linn an tseala ina mbíonn taobhanna á gcur leis an gcruth uachtarach ar chlé.

91. D

Riail 1: Bíonn líon ciorcail atá ag dul i méid le feiceáil taobh istigh de na croíthe. Nuair a bhíonn trí chiorcail ag croí, is amhlaidh a bhíonn ceann nua le feiceáil.

Riail 2: Beidh gach dara ciorcail a thagann chun cinn scáthaithe (tagann ciorcail chun cinn de réir an phatrúin seo a leanas: Clé – Bun – Deas) le linn seala ar leith.

Riail 3: Beidh croí le níos mó ciorcail scáthaithe ná ciorcail neamhscáthaithe le feiceáil bun os cionn.

92. A

Riail 1: Cuirtear líon ciorcail atá ag dul i méid leis an mbun gach seal. Léirítear leis na ciorcail taobh leis an tsaighead an líon ciorcail a dhéanfar a scáthú sa chéad seal eile.

Riail 2: Má tá ciorcail taobh leis an tsaighead scáthaithe, is amhlaidh nach bhfuil ‘éifeacht scáthaithe’ aige ar na ciorcail ag an mbun.

Riail 3: Má tá líon iomlán na gciorcail taobh leis an tsaighead cothrom, is amhlaidh a chuirtear triantán mór leis an íomhá.

93. C

Riail 1: Tá an chearnóg istigh ag rothlú 45 céim ar tuathal faoi mar atá an ceann amuigh ag déanamh amhlaidh ar deiseal.

Riail 2: I ngach seal, tagann méadú faoina haon ar líon na gciorcail.

Riail 3: I seal cothrom, bíonn líon cothrom ciorcail scáthaithe, faoi mar a bhíonn líon corr ciorcail scáthaithe i seal corr.

94. E

Riail 1: Fásann an nathair dhá mhír i ngach seal agus fásann líon iomlán na gciorcail inti faoina dhó i ngach seal freisin. Beidh líon corr ciorcail ann i gcónaí de bharr go bhfuil an ciorcail sa chéad mhír leis féin.

Riail 2: Ar dtús, bíonn líon corr ciorcail scáthaithe, ansin líon cothrom. Ansin déantar aisfhilleadh ar an bpatrún seo.

Riail 3: Athraíonn míreanna na nathrach idir scáthaithe agus neamhscáthaithe gach re seal.

95. B

Riail 1: Téann an cruth mór sa lár riocht an chrutha san ionad ar chlé ansin riocht an chrutha ag an mbarr agus ansin riocht an chrutha san ionad ar dheis ón seal roimhe sin.

Riail 2: Bíonn an cruth beag a ndéanfar cruth mór de sa chéad seal eile scáthaithe.

Riail 3: Bíonn an cruth mór scáthaithe gach dara babhta a bhíonn an cruth céanna le feiceáil.

96. D

Riail 1: Tá treo na saighead ar chlé mar a chéile le macasamhail na saighead ar dheis sa seal roimhe sin, faoi mar a rothlaítear na saigheada ar dheis 45 céim ar deiseal gach seal.

Riail 2: Bíonn saigheada a dhírítear suas nó síos scáthaithe.

Riail 3: Bíonn triantán le feiceáil más rud é nach bhfuil ach aon saighead amháin scáthaithe.

97. A

Riail 1: Rothlófar cruthanna scáthaithe 45 céim ar tuathal sa chéad seal eile, faoi mar a rothlófar cruthanna neamhscáthaithe 45 céim ar deiseal. Níl aon riail ann a rialaíonn scáthú na gcruthanna nó cé acu cruth a bhfaightear réidh leis.

Riail 2: Ar dtús, tagann dhá chruth chun cinn, ansin faightear réidh le haon cheann amháin. Ansin déantar aisfhilleadh ar an bpatrún seo.

Riail 3: Bíonn réalta le feiceáil gach babhta a bhíonn líon cothrom cruthanna san íomhá.

98. C

Riail 1: Rothlaítear an struchtúr 90 céim ar deiseal i ngach seal faoi mar a thiteann ciorcail ar na spící (mar a thaispeántar leis an gcorcal aonair ar bharr an déantúis).

Riail 2: Baintear ciorcal de spíce áirithe nuair a bhíonn sé á dhírú síos.

Riail 3: Bailítear ciorcail a thit de na spící ag bun na fíorach agus beidh scáthú an spíce ónar thit siad orthu.

99. E

Riail 1: Déantar na trí chruth a scrolláil síos go ceartingearach ceann ar cheann.

Riail 2: Déantar scáthú cruthanna a mhalartú gach babhta a bhíonn siad le feiceáil arís ag an mbarr.

Riail 3: Léirítear leis na saigheada an gcuirfear taobh le cruth (a dhírítear ar dheis), an mbainfear taobh de (a dhírítear ar chlé) nó an bhfanfaidh sé mar a chéile (saigheada ar bith) sa chéad seal eile. Is comhartha é líon na saighead ar líon na dtaobhanna a chuirfear leis an gcruth.

100. B

Riail 1: Bunaithe ar líon na gcruthanna a bhí scáthaithe i seal ar leith, bíonn an cruth láir á rothlú an líon babhtaí sin 45 céim sa chéad seal eile.

Riail 2: I sealanna a bhfuil ré-uimhreacha orthu, bíonn líon corr triantáin neamhscáthaithe taobh istigh den chruth, agus i sealanna a bhfuil corruimhreacha orthu, bíonn líon cothrom ann.

Riail 3: Athraítear líon iomlán na dtriantán scáthaithe agus neamhscáthaithe taobh istigh den chruth san ord seo a leanas: 2, 3, 4, 5, 4, 3, etc.

101. D

Riail 1: Gach babhta, athraítear dath lámh agus éadan cloig amháin idir dubh ar bhán agus bán ar dhubh gach re seal.

Riail 2: Bogtar lámh an chloig a mbíonn a dhath á athrú gach re seal dhá uair an chloig ar gcúl (60°) gach babhta.

Riail 3: Nuair a bhíonn an lámh dubh agus éadan an chloig bán, is amhlaidh a bhogtar an clog chomh fada agus is féidir taobh istigh den fhíor sa treo atá á léiriú ag an tsaighead ar an lámh. Nuair a bhíonn an lámh bán agus éadan an chloig dubh, is amhlaidh a bhogtar an clog chomh fada agus is féidir taobh istigh den fhíor sa treo contrártha atá á léiriú ag an tsaighead ar an lámh. Bogtar i líne dhíreach sa treo sin óna ionad reatha i gcónaí é.

Riail 4: Tá an clog liath ag ar a bhfuil imlíne bhriste mar a chéile le héadan an chloig a mbíonn a dhath á athrú gach re seal, ach bíonn sé mar a chéile le patrún an phlána cheartingearaigh agus ansin le patrún an phlána chothrománaigh gach re seal. Nuair a thagann siad ar scair a chéile, is amhlaidh a bhíonn an clog liath suite taobh thiar den chlog a mbíonn a dhath á athrú gach re seal.

102.A

Riail 1: Tagann méadú faoina 1 ar líon na dtaobhanna ar an gcruth dubh gach babhta.

Riail 2: Tagann laghdú faoina 2 ar líon na dtaobhanna ar an gcruth bán gach dara babhta, agus fanann siad mar atá sa chéad bhabhta ar dtús.

Riail 3: Bogtar an cruth dubh sa phatrún seo a leanas taobh istigh den fhíor, a ndéantar aisfhilleadh air ina dhiaidh sin: an coirnéal uachtarach ar chlé, an coirnéal íochtarach ar dheis, an coirnéal íochtarach ar chlé.

Riail 4: Bogtar an cruth bán sa phatrún seo a leanas taobh istigh den fhíor, a ndéantar aisfhilleadh air ina dhiaidh sin: an coirnéal íochtarach ar dheis, an coirnéal uachtarach ar chlé, an coirnéal íochtarach ar chlé, an coirnéal uachtarach ar dheis. Nuair a bhíonn an cruth bán agus an cruth dubh sa spás céanna, is amhlaidh a bhíonn an cruth bán le feiceáil os comhair an chrutha dhuibh.

103. B

Riail 1: Tagann méadú faoina 2 ar líon foriomlán na gcearnóg gach babhta.

Riail 2: Tagann méadú faoina 3 agus ansin laghdú faoina 1 ar líon foriomlán na dtriantán gach babhta. Ansin déantar aisfhilleadh ar an bpatrún seo.

Riail 3: Tá líon na gcearnóg dubh ceann amháin níos lú ná líon foriomlán na dtriantán san fhíor roimhe sin.

Riail 4: Is ionann líon na dtriantán i bhfíor agus líon na gcearnóg dubh san fhíor chéanna.

104. E

Riail 1: Bíonn an triantán bán le feiceáil ar mhodh ina n-athraítear idir an plána ceartingearach agus an plána cothrománach é gach re seal.

Riail 2: Tagann méadú faoina 1 ar líon na gciorcail dubh gach babhta.

Riail 3: Bíonn na ciorcail dhubha suite ar an taobh céanna is atá an triantán, ag tosú ag imeall na fíorach. Nuair a bhíonn líon cothrom ciorcal ann, is amhlaidh a roinntear go cothrom iad os cionn agus faoi bhun an triantáin. Nuair a bhíonn líon corr ciorcal ann, is amhlaidh a bíonn an ciorcal breise in aice le himeall an triantáin is giorra seachas in aice leis an bpointe is géire

Riail 4: Dirítear an tsaiagead ar an imeall óna dtosófar an chéad saighead eile.

105. D

Riail 1: Bogtar rinn dhubh an chompáis timpeall 135° ar deiseal gach babhta.

Riail 2: Bogtar an rinn liath timpeall 90° ar tuathal gach babhta. Nuair a bhíonn sí sa spás céanna is atá an rinn dhubh, is amhlaidh a cheiltear an rinn liath de bharr na rinne duibhe.

Riail 3: Déantar an uillinn san fhíor roimhe sin a léiriú i slisne liath na píchairte sa choirnéal íochtarach ar chlé, ag dul ar deiseal, ó rinn dhubh an chompáis go dtí rinn liath an chompáis. Sa chéad fhíor a thaispeántar, léirítear leis an slisne píchairte an áit a mbeadh na reanna dubha agus liatha compáis san fhíor roimhe sin, bunaithe ar Riail 1 agus 2. Tabhair faoi deara, de bharr go raibh an rinn chéanna ar an gcompás á roinnt ag na reanna dubha agus liatha compáis sa tríú fíor, tá uillinn 0° eatarthu le haghaidh na fíorach úd, agus dá réir sin níl an slisne píchairte le feiceáil sa cheathrú fíor sa tsraith.

Riail 4: Bíonn an ciorcal scáthaithe le feiceáil i lár an chompáis nuair a bhíonn slisne liath na píchairte níos mó ná uillinn 180° .

106. C

Riail 1: Bogtar an réalta dhubh 1 spás amháin go cothrománach gach babhta. Nuair a thagann sí chomh fada le himeall na greille is amhlaidh a théann sísiar sa treo contrártha, ag leanúint na rialach céanna.

Riail 2: Bogtar an réalta bhán 2 spás ar chlé gach babhta. Nuair a bhaineann sí imeall na greille amach, leantar lena bogadh ar chlé 2 spás ó

imeall eile na greille.

Riail 3: Bogtar an ciorcal dubh 2 spás go cothrománach agus 1 spás go ceartingearach gach babhta. Nuair a thagann sé chomh fada le himeall na greille is amhlaidh a théann sé siar sa treo contrártha, ag leanúint na rialach céanna i gcónaí.

Riail 4: Bíonn triantán bán le feiceáil ar thaobh deas gach ró agus faoi bhun gach colúin gach babhta a bhíonn dhá shiombail sa ró úd nó sa cholún úd.

107. E

Riail 1: Bíonn trí rinn saigheada ann i gcónaí, ceann amháin acu ar shaiagead ar a bhfuil aon rinn amháin agus dhá cheann ar shaiagead ar a bhfuil dhá rinn. Cé go bhfuil ionad clé-go-deas na saighead treallach, athraítear treo na saighe ar a bhfuil aon rinn amháin idir díriú suas agus díriú síos gach re seal.

Riail 2: Má tá saighead dírithe ar chiorcal dubh, is amhlaidh a dhéantar ciorcal bán den chiorcal sin go dtí go ndíreofar air arís.

Riail 3: Má tá saighead dírithe ar chiorcal bán, is amhlaidh a imíonn an ciorcal sin as amharc go dtí go ndíreofar ar an spás arís.

Riail 4: Má tá saighead dírithe ar spás, is amhlaidh a bhíonn ciorcal dubh le feiceáil go dtí go ndíreofar ar an láthair sin arís.

108. C

Riail 1: Rothlaítear an líne sholadach dhubh 45° ar deiseal gach babhta, agus ceanglaítear leis na coirnéil chontrártha nó le lár na n-imeall contrártha den fhíor í.

Riail 2: Rothlaítear an líne le daiseanna fada agus gearra gach re seal 45° ar deiseal gach dara seal. Dála na líne soladaí, ceanglaítear leis na coirnéil chontrártha nó le lár na n-imeall contrártha den fhíor í. Ní bhíonn an líne seo le feiceáil má tá sí san ionad céanna agus atá an líne sholadach.

Riail 3: Rothlaítear an líne phoncailte le daiseanna ar fhad cothrom 90° gach babhta. Ceanglaítear le coirnéil chontrártha na fíorach i gcónaí í. Ní bhíonn an líne seo le feiceáil má tá an t-ionad céanna á roinnt acu le ceachtar de na línte eile.

Riail 4: Nuair nach mbíonn ach dhá líne le feiceáil i bhfíor, is amhlaidh a chuirtear aon chiorcal amháin nó dhá chiorcal bhreise leis an bhfíor d'fhonn an líon iomlán a thabhairt suas go dtí an chéad ré-uimhir eile atá níos mó ná an líon iomlán ciorcal atá san fhíor roimhe sin. Nuair a bhíonn gach ceann de na trí líne le feiceáil

is amhlaidh a chuirtear dhá chiorcal bhreise leis an bhfíor d'fhonn an líon iomlán a thabhairt suas go dtí an chéad chorruimhir eile atá níos mó ná an líon iomlán ciorcal atá san fhíor roimhe sin. Tá ionad na gcorcal iomlán treallach.

109. C

Riail 1: Bogtar na ciorcail ó chlé go deas sa phainéal ag an mbarr.

Riail 2: Bogtar na ciorcail ó bharr go bun sna painéil eile.

Riail 3: Bogtar na ciorcail sna painéil scáthaithe cheartingearacha i sealanna corra agus bogtar na ciorcail sna painéil neamhscáthaithe cheartingearacha i sealanna cothroma.

110. B

Riail 1: Rothlaítear an triantán bán 90° ar tuathal gach babhta.

Riail 2: Bíonn an chearnóg dhubh le feiceáil i gcónaí sa spás atá díreach taobh amuigh den áit a raibh an t-imeall is giorra den triantán bán san fhíor roimhe sin.

Riail 3: Bíonn an ciorcal liath le feiceáil i gcónaí sa spás ar a raibh an rinn chaol den triantán dírithe dhá fhíor roimhe sin. Nuair a bhíonn spás ar leith á roinnt ag an gcorcal liath leis an gcearnóg dhubh, is amhlaidh a shuítear an ciorcal liath os comhair na cearnóige duibhe.

Riail 4: Bíonn an chros dhubh le sonrú agus in easnamh gach re seal.

111. D

Riail 1: Athraítear dath an scamail idir dubh agus bán gach re seal.

Riail 2: Gintear líon corr braonta báistí de bharr scamall bán, faoi mar a ghintear líon cothrom braonta báistí de bharr scamall dubh.

Riail 3: Titeann an bháisteach ar bhonn trasnánach ó chlé go deas ar feadh dhá fhíor agus ansin ar bhonn trasnánach ó dheas go clé ar feadh dhá fhíor. Ansin déantar aisfhilleadh ar an bpatrún seo.

Riail 4: Bíonn ciorcal scáthaithe le feiceáil in aice leis na braonta báistí pé am a mbíonn 6 bhraon báistí nó níos mó ann.

112. B

Riail 1: Méadaítear líon na gcorcal bán faoina 2 nó faoina 1 gach babhta in ord a athraítear gach re seal, ag tosú le 2.

cros atá suite sa choirnéal íochtarach ar dheis den fhíor 45° gach dara babhta, ag tosú leis an dara babhta.

Riail 4: Bíonn an ciorcal dubh le feiceáil sa choirnéal uachtarach ar dheis pé am a mbíonn an chumraíocht chéanna ar gach ceann de na trí ciorcal ina bhfuil cros.

113. A

Riail 1: Bogtar an triantán dubh aon ionad amháin san am, ar líne thrasnánach síos agus ar dheis. I ndiaidh dó bun na greille a bhaint amach, is amhlaidh a bhíonn sé ar bharr an chéad tacar eile de thriantáin atá á ndíriú suas ar dheis agus bíonn an cineál céanna bogtha thrasnánaigh ag roinnt **Riail 2:** Laghdaítear líon na gcorcal dubh ceann amháin níos lú ná an babhta roimhe sin, ag tosú le 5, ansin 4, ansin 3, ansin 2, ansin 1.

Riail 3: Tá líon iomlán na dtaobhanna ar an trí chruth bhána cothrom le líon na gcorcal bán agus dubh in éineacht.

Riail 4: Ag léamh ón mbarr go dtí an bun, cuirtear an trí chruth bhána i láthair i gcónaí de réir ord líon a dtaobhanna, agus an líon is lú ag an mbarr agus an líon is mó ag an mbun. Cuirtear cruthanna ar a bhfuil líon cothrom taobhanna i láthair i ndiaidh a chéile san ord faoina chéile seachas a bheith suite ag an airde chéanna lena chéile.

114. C

Riail 1: Rothlaítear an ciorcal ina bhfuil cros atá suite sa choirnéal uachtarach ar chlé den fhíor 45° gach babhta.

Riail 2: Rothlaítear an ciorcal ina bhfuil cros atá suite sa choirnéal íochtarach ar chlé den fhíor 45° gach dara babhta, ag tosú leis an gcéad bhabhta.

Riail 3: Rothlaítear an ciorcal ina bhfuil leis agus a bhí roimhe sin.

Riail 2: Bogtar an triantán liath atá á ndíriú suas aon ionad amháin i líne dhíreach ó dheas go clé. I ndiaidh dó deireadh na greille a bhaint amach, is amhlaidh a thosaíonn sé arís ar an líne chéanna ón taobh deas.

Riail 3: Bogtar an triantán liath atá á dhíriú síos aon ionad amháin san am ar dtús ar bhonn trasnánach suas agus ar chlé. I ndiaidh dó imeall uachtarach na fíorach a bhaint amach, leanann sé an bealach a ngabhfaidh sé mar a bheadh liathróid snúcair ann ag preabadh de chúisín an bhoird, a théann go trasnánach agus ar chlé. Ag leanúint na loighce céanna, i ndiaidh dó bun na fíorach a bhaint amach is amhlaidh gur chóir go leanfaidh sé trasnán a théann suas agus ar chlé.

Riail 4: Bogtar an ciorcal beag bán aon triantán amháin ar dheis gach babhta, is cuma má tá an triantán úd á dhíriú suas nó síos. Nuair a bhíonn sé suite os cionn triantán dubh nó liath, is amhlaidh a bhíonn an ciorcal le feiceáil os a chionn i gcónaí.

115. D

Riail 1: Cé gur ag pointí difriúla a thosaíonn siad sa phatrún, athraítear dath an dá chruth ag an mbarr san ord seo a leanas: dubh, liath, bán. Ansin déantar aishhilleadh ar an bpatrún seo. Bíonn an cruth ag an mbun dubh i gcónaí.

Riail 2: Bíonn taobh níos lú ar an gcruth ag an mbarr ar chlé gach babhta.

Riail 3: Baintear aon taobh amháin den chruth ag an mbarr ar dheis agus ansin cuirtear dhá thaobh leis. Ansin déantar aishhilleadh ar an bpatrún seo.

Riail 4: Bíonn an líon céanna taobhanna ar an gcruth ag an mbun agus atá mar dhifríocht idir líon taobhanna an dá chruth eile. Is cuma faoi chumraíocht an chrutha.

116. E

Riail 1: Athraítear méid an chiorcail atá roinnte i dteascáin idir mór agus beag gach re seal.

Riail 2: Rothlaítear an ciorcal atá roinnte i dteascáin 120° ar tuathal gach babhta.

Riail 3: Bogtar an ciorcal atá roinnte i dteascáin timpeall imeall na fíorach ar tuathal, agus bíonn sé in ionad ag coirnéil agus ag lárphointe na n-imeall gach re seal. Nuair a bhíonn an ciorcal mór, is amhlaidh a bhíonn sé ag coirnéil na fíorach, nuair a bhíonn sé beag is amhlaidh a bhíonn sé leath bealaigh ar an imeall.

Riail 4: Pé am a mbíonn cuid scáthaithe an chiorcail atá roinnte i dteascáin á díriú síos, is amhlaidh a bhíonn réalta bhán le feiceáil ag imeall nó coirnéal chontrátha an éadain.

117. B

Riail 1: Is é líon na reanna ar an réalta a shocraíonn líon na gcruthanna sa chéad fhíor eile, lena n-áirítear an réalta í féin. Níl aon phatrún socraithe maidir leis an réalta a bheidh sa chéad fhíor eile.

Riail 2: Má tá líon corr cruthanna (lena n-áirítear an réalta), is amhlaidh gur triantáin iad na cruthanna nach réaltaí iad. Má tá líon cothrom cruthanna, is amhlaidh gur cearnóga iad na cruthanna nach réaltaí iad.

Riail 3: Tá leath na gcruthanna dubh agus tá leath na gcruthanna bán. Má tá líon corr cruthanna, is amhlaidh a bhíonn an cruth “breise” bán i gcónaí.

Riail 4: Athraítear dath na réalta idir bán ar feadh dhá fhíor agus dubh ar feadh dhá fhíor gach re seal.

118. E

Riail 1: Athraítear na reanna saighde idir díriú ar chlé agus ar dheis agus díriú suas agus síos gach re seal. Bíonn ionad na reanna saighde ag an mbarr ar dheis agus ag an mbun ar chlé ar feadh dhá fhíor, ansin bíonn sé ag an mbarr ar chlé agus ag an mbun ar dheis ar feadh dhá fhíor. I ndiaidh ceithre fhíor, is amhlaidh a dhéantar aishhilleadh ar an bpatrún.

Riail 2: Tá d'éifeacht ag na saigheada ar leath clé na fíorach go n-athraítear líonadh an chrutha ar a bhfuil siad dírithe idir stríoca trasnánacha ag dul síos ar dheis agus stríoca trasnánacha ag dul síos ar chlé. Tarlaíonn an t-athrú féin sa chéad fhíor eile sa tsraith.

Riail 3: Tá d'éifeacht ag na saigheada ar leath deas na fíorach go n-athraítear an cruth ar a bhfuil siad dírithe. Athraíonn triantáin ina gcearnóga, athraíonn cearnóga ina heicseagáin agus athraíonn heicseagáin ina dtriantáin. Tarlaíonn an t-athrú féin sa chéad fhíor eile sa tsraith.

Riail 4: Gach babhta, athraítear dath na gcruthanna go léir ar thaobh deas na fíorach idir dubh agus bán gach re seal.

119. E

Riail 1: Bogtar na ciorcail bheaga agus na ciorcail mheánmhéide líon céimeanna atá ag dul i méid timpeall an chiorcail mhóir.

Riail 2: Bogtar an ciorcal beag aon chéim amháin ar tuathal timpeall an chiorcail mheánmhéide i ngach seal.

Riail 3: Athraítear scáthú an chiorcail mhóir gach babhta a bhíonn an ciorcal meánmhéide san ionad 12 a chlog.

Riail 4: Athraítear scáthú an chiorcail mheánmhéide gach dara seal.

Riail 5: Athraítear scáthú an chiorcail bhig gach dara seal.

120. C

Riail 1: Rothlaítear an dá thriantán 45° ar tuathal gach babhta.

Riail 3: Ag breathnú orthu ón áit a bhfuil a mboinn ceangailte le chéile (i.e. ag caitheamh leo amhail is gur cluasa clé agus deasa coinín iad), is amhlaidh atá an dá thriantán araon bán, ansin bán agus dubh, ansin dubh araon, ansin dubh agus bán. Ansin déantar aisfhilleadh ar an bpatrún seo.

Riail 4: Athraítear ionad an chiorcail dhuibh idir coirnéal na fíorach is cóngaraí don áit ar a bhfuil an dá thriantán dírithe agus an coirnéal atá contrártha ar bhonn trasnánach leis an áit ar a bhfuil na triantáin dírithe.

121. C

Riail 1: Athraítear an chearnóg idir léimneach trasnánach idir coirnéil chontrártha agus dhá chéim ar deiseal a thógáil gach re seal.

Riail 2: Déantar scáthú an chiorcail agus scáthú na cearnóige a mhalartú gach dara céim.

Riail 3: Is í an chearnóg a leanann an grúpa poncanna, ar comhartha ar ionad na cearnóige sa chéim roimhe sin.

122. D

Riail 1: Téann na ciorcail sa choirnéal uachtarach ar chlé ón gcoirnéal clé chuig an gcoirnéal deas, ceann i ndiaidh a chéile gach dara seal. Cuirtear tús leis an imeacht seo idir an chéad agus an dara céim.

Riail 2: Téann na ciorcail sa choirnéal íochtarach ar dheis ón gcoirnéal dheis chuig an gcoirnéal clé, ceann i ndiaidh a chéile gach dara seal. Tosaíodh ar an imeacht cheana féin roimh thús na sraithe, agus leantar leis idir an dara agus an tríú céim.

Riail 3: Bíonn cnuasaigh ciorcal scáthaithe nuair a bhíonn líon corr ciorcal ann agus bíonn siad neamhscáthaithe nuair a bhíonn líon cothrom ann.

Riail 4: Athraítear treo an triantáin idir díriú suas agus díriú síos gach re seal.

123. A

Riail 1: Bogtar an scáthú taobh istigh den triantán ó bharr go bun, agus athraítear é idir an taobh clé agus an taobh deas idir céimeanna. Nuair a bhíonn an scáthú ag an leibhéal íochtarach, is amhlaidh a dhéantar é a athshocrú agus é ag an leibhéal uachtarach sa chéad chéim eile (mar atá ar thaobh na láimhe deise idir an chéad chéim agus an dara céim).

Riail 2: Léirítear leis an dá chiorcal an áit a mbeidh an scáthú sa chéad seal eile.

Riail 3: Is a mhalairt atá scáthuithe na gcorcal i gcomparáid le scáthuithe na míreanna triantáin a bhfuil sibh in aice leo i seal ar bith.

124. E

Riail 1: Bogtar an ciorcal céim amháin ar deiseal gach seal.

Riail 2: Bogtar an chearnóg ina mbíonn an ciorcal ann ar deireadh píosa amach ón lár nó i dtreo an láir (bunaithe ar a hionad reatha) sa chéad seal eile.

Riail 3: Bíonn an ciorcal neamhscáthaithe nuair a bhíonn sé i gcearnóga atá sa lár.

125. A

Riail 1: Bogtar an chearnóg leis na línte ceangailte leis na cearnóga in aice láimhe ó chlé go deas i ngach seal. I ndiaidh di imeall deas na fíorach a bhaint amach, bogtar ar aghaidh chuig an gcéad ró eile síos í.

Riail 2: Déantar na cearnóga a bhí ceangailte leis an chearnóg a bogadh sa chéim roimhe seo a scáthú sa chéad chéim eile.

Riail 3: Cuirtear fráma ar an ngreille ina bhfuil 9 gcearnóg i ngach dara seal.

126. E

Riail 1: Rothlaítear an tacar dronuilleog 90 céim ar deiseal le linn gach céime.

Riail 2: Gach dara babhta a bhíonn aon dronuilleog chothrománach amháin nó aon dronuilleog cheartingearach amháin ann ar bharr 2 chiseal íochtaracha de dhronuilleoga, is amhlaidh a bhíonn sí scáthaithe.

127. B

Riail 1: I ngach céim, bogtar aon chruth amháin nó dhá chruth chuig an lár nó chuig an imeall. Is leis an dá chruth ar chlé a thosaítear leis an mbogadh, agus ansin leantar leis ar deiseal in ord 2-1-2-1 (bogtar dhá chruth, ansin bogtar aon chruth amháin...).

Riail 2: Bíonn aon chruth amháin i ngach fíor ceangailte le línte leis an dá chruth sa leath contrártha (uachtar nó íochtar) den fhíor. Téann an ceangal seo ar deiseal ó chruth amháin go dtí an chéad cheann eile, ag tosú leis an gcruth sa choirnéal uachtarach ar dheis.

Riail 3: Bíonn cruthanna nach bhfuil ailínithe go cothrománach lena bpéirí scáthaithe (i.e. más é nach bhfuil an dá dhronuilleog nó an dá chiorcal sa líne chothrománach chéanna), más é go bhfuil is amhlaidh nach mbíonn siad scáthaithe.

128. E

Riail 1: Bogtar scáthú na gciorcail níos mó céim ar deiseal gach seal, á bhogadh ó chiorcail go chiorcail leis an gcéad teascán eile sa tsraith a bhaint amach.

Riail 2: Bogtar na ciorcail bheaga taobh istigh de na ciorcail céim ar deiseal gach seal.

Riail 3: Bíonn na ciorcail bheaga scáthaithe nó neamhscáthaithe, gach re seal, bunaithe ar an scáthú mór a bheith ar an gciorcail mór ina bhfuil siad nó gan a bheith air.

129. B

Riail 1: Bogtar ciorcail bheaga ar deiseal mar ghrúpa (ní ceann ar cheann) i ngach céim ó theascán amháin de na cruthanna móra go ceann eile.

Riail 2: De réir mar a bhogtar na ciorcail bheaga chuig agus trí theascáin an chrutha ag an mbarr ar dheis, is amhlaidh a thagann méadú faoina 1 orthu i ngach céim.

Riail 3: De réir mar a bhogtar na ciorcail bheaga chuig an gcruth ag an mbun, is amhlaidh a dhéantar a líon siúd a athshocrú go 1.

Riail 4: De réir mar a bhogtar na ciorcail bheaga chuig agus trí theascáin an chrutha ag an mbarr ar chlé, is amhlaidh a athraítear an scáthú atá orthu.

130. B

Riail 1: Déantar ciorcail atá ar crochadh ón mbarr a bhogadh ón mbarr go dtí an bun, ag stopadh ag an mbun ar feadh céime sula dtosófar ar a mbogadh suas arís.

Riail 2: Bogtar scáthú na gciorcail ó chlé go deas. I ndiaidh dó an t-ionad is faide ar dheis a bhaint amach, is amhlaidh a bhíonn sé le feiceáil arís ar an taobh clé.

Riail 3: Nuair a bhíonn ciorcail scáthaithe, is amhlaidh a bhogtar dhá ionad (suas nó síos) é sa chéad chéim eile.

131. C

Riail 1: Athraítear leagan amach na gcruthanna idir 3 cholún le 2 líne dhealaithe agus 2 cholún le 3 líne dhealaithe gach re seal.

Riail 2: Bogtar scáthú na gcolún aon spás amháin ó chlé go deas ó gach cruth de 3 cholún chuig an gcéad chruth de 3 cholún eile, agus aon spás amháin ó chlé go deas ó gach cruth de 2 cholún chuig an gcéad chruth de 2 cholún eile.

Riail 3: Bogtar na ciorcail ó chlé go deas thar phointí uachtaracha agus íochtaracha na línte dealaithe chomh maith.

I ndiaidh dóibh an pointe is faide ar dheis a bhaint amach, is amhlaidh a dhéantar iad a athshocrú chuig an ionad is faide ar chlé.

132. E

Riail 1: Athraítear leagan amach na gcruthanna idir rónna de 3/4/3 agus 4/3/4 chearnóg gach re seal.

Riail 2: Déantar an scáthú i ngach ró a bhogadh ó chlé go deas ach amháin nuair a bhíonn an ró áirithe infheicthe.

133. B

Riail 1: Á bhogadh ar tuathal, bíonn líon ceangal atá ag dul i méid ag ciorcail i ngach céim le ciorcail eile ag dul ar tuathal. Déantar an méid sin a athshocrú go 1 i ndiaidh 4 a bhaint amach.

Riail 2: Tagann méadú faoina haon ar líon na gciorcail scáthaithe agus bogtar an scáthú ar tuathal i ngach céim. Nuair a bhíonn 5 ciorcail scáthaithe is amhlaidh a dhéantar an méid sin a athshocrú go 1.

Riail 3: Athraítear ceann scríbe na gceangal idir lár na gciorcail nó imeall na gciorcail gach re seal.

134. A

Riail 1: I ngach cearnóg, tagann méadú faoina 1 ar líon na gciorcail i ngach céim, agus déantar an méid sin a athshocrú go 1 nuair a déantar an t-uasmhéid, mar atá, 4 a bhaint amach.

Riail 2: Ag tosú le 2 sa chéad fhíor, tagann méadú faoina 1 ar líon na gciorcail scáthaithe i ngach céim ó chlé go deas, agus déantar an méid sin a athshocrú go 1 nuair a dhéantar an t-uasmhéid, mar atá, 4 a bhaint amach.

Riail 3: Is é líon na gciorcail scáthaithe i gcéim ar leith a shocraíonn líon na gcéimeanna ar tuathal a dhéanfar scáthú na dronuilleoige a bhogadh idir an chéim reatha agus an chéad chéim eile.

135. D

Riail 1: Féadfar go mbeidh gach ciorcail beag sna riochtaí seo a leanas, san ord seo a leanas: neamhscáthaithe, scáthaithe, scáthaithe agus líne thrasnaithe tríd. Nuair a bhíonn ciorcail sa tríú riocht, is amhlaidh a fhanann sé sa riocht sin go dtí go dtéann riail eile i bhfeidhm air.

Riail 2: Bogtar scáthú na leathchiorcail mór ón gcoirnéal uachtarach ar chlé go dtí an coirnéal íochtarach ar chlé agus ón gcoirnéal uachtarach ar dheis go dtí an coirnéal íochtarach ar dheis.

Riail 3: Nuair a dhéantar leathchiorcail mór a scáthú, is amhlaidh a dhéantar an ciorcail beag sa teascóg sin a athshocrú go dtí a riocht tosaigh (neamhscáthaithe).

136. D

Riail 1: Bogtar scáthú na gcearnóg ó chlé go deas agus ó bharr go bun sa dá cholún. I ndiaidh don scáthú an bun a bhaint amach, is amhlaidh a dhéantar é a athshocrú go dtí an t-ionad ag an mbarr ar chlé agus bogtar uaidh sin é.

Riail 2: Bogtar na cearnóga scáthaithe amach ón gcolún sa chéad chéim eile.

Riail 3: Bogtar cearnóga a bogadh amach ón gcolún i gcéim ar leith ar ais chuig a n-ionad bunaidh sa chéad chéim eile.

137. C

Riail 1: Tógtar leis an gciorcail scáthaithe céim thrasnánach i dtreo an íochtair ar dheis, ansin céim cheartingearach síos, ansin céim thrasnánach i dtreo an uachtair ar dheis, ansin céim cheartingearach suas, agus ansin déantar aishhilleadh ar an bpatrún seo. Léirítear céimeanna trasnánacha le línte trasnánacha a dhírítear ar an áit a raibh an ciorcail sa chéim roimhe sin. I ndiaidh don chiorcail imeall deas na fíorach a bhaint amach, is amhlaidh a dhéantar treo clé-deas an bhogtha a mhalartú go treo deas-clé (cé nach bhfuil an méid sin le feiceáil sa tsraith).

Riail 2: Tógtar leis an gciorcail neamhscáthaithe céim thrasnánach i dtreo an uachtair ar dheis, ansin céim cheartingearach suas, ansin céim thrasnánach i dtreo an íochtair ar dheis, ansin céim cheartingearach síos, agus ansin déantar aishhilleadh ar an bpatrún seo. Tugtar céimeanna trasnánacha le fios trí bhíthin línte trasnánacha a dhírítear ar an áit a raibh an ciorcail sa chéim roimhe sin. I ndiaidh don chiorcail imeall deas na fíorach a bhaint amach, is amhlaidh a dhéantar treo clé-deas an bhogtha a mhalartú go treo deas-clé (cé nach bhfuil an méid sin le feiceáil sa tsraith).

138. C

Riail 1: I gcéimeanna a bhfuil ré-uimhreacha orthu (e.g. 2, 4), is amhlaidh a athraítear ionad ciorcail ar an lámh cheartingearach, á bhogadh ó chlé go deas nó deas go clé, á athrú idir na ciorcail ag an mbarr agus na ciorcail ag an mbun gach re seal. I gcéimeanna a bhfuil corruimhreacha orthu (e.g. 3, 5), is amhlaidh a athraítear ionad ciorcail ar an lámh chothrománach, á bhogadh ó bharr go bun nó ó bhun go barr, á athrú idir na ciorcail ar chlé agus na ciorcail ar dheis gach re seal.

Riail 2: Bíonn na ciorcail scáthaithe nuair a bhíonn siad in ionaid chontrártha ar an 'lámh' chéanna, i.e. nuair a bhíonn ceann ar dheis, is amhlaidh a bhíonn an ceann eile ar chlé, nó nuair a bhíonn ceann amháin á dhíriú ar an mbun agus an ceann eile á dhíriú ar an mbarr. Bealach eile le cuimhneamh air is ea go leanann na ciorcail an patrún scáthaithe seo a leanas:

ceann ar bith scáthaithe, an dá cheann amuigh scáthaithe, gach ceann scáthaithe, an dá cheann istigh scáthaithe, agus mar sin de.

139. E

Riail 1: Bogtar an chearnóg a bhfuil trí cheathrú di scáthaithe 1-2-1 ionad ar deiseal idir céimeanna.

Riail 2: Bogtar an chearnóg a bhfuil aon cheathrú di scáthaithe 2-1-2 ionad ar deiseal idir céimeanna.

Riail 3: Bogtar an ciorcail scáthaithe sa lár 1-2-1 ionad ar tuathal idir céimeanna.

140. C

Riail 1: Cuirtear fad leis na línte a thagann ó bharr na fíorach go dtí go mbíonn siad ag an mbun, agus ansin tosaítear ar a ngiarrú arís. Bíonn líon na gcéimeanna a thógtar le líne cothrom le líon na gciorcail atá uirthi agus ní athraítear fad na líne sa chéim ach i ndiaidh an tráth a mbíonn ciorcail uirthi.

Riail 2: Léimeann an ciorcail neamhscáthaithe aon chéim amháin ó chlé go deas faoi mar a léimeann an ciorcail scáthaithe dhá chéim ó chlé go deas. I ndiaidh do chiorcail imeall deas na fíorach a bhaint amach, is amhlaidh a bhíonn siad le feiceáil arís ar an taobh clé agus leantar den bhogadh.

141. D

Riail 1: Tógtar leis an gciorcail scáthaithe céimeanna ó chlé go deas agus ansin céimeanna trasnánacha thar phointí clé/deasa na ndronuillineacha.

Riail 2: Tógtar leis an gciorcail scáthaithe céimeanna trasnánacha agus ansin céimeanna ó chlé go deas thar phointí uachtaracha/iochtaraacha na ndronuillineacha.

Riail 3: Nuair a bhíonn ciorcail neamhscáthaithe ar dhronuillinn, bíonn an chuma chéanna air ar bhonn ceartingearach sa chéad chéim eile.

Riail 4: Nuair a bhíonn ciorcail neamhscáthaithe ar dhronuillinn, bíonn an chuma chéanna air ar bhonn chothrománach sa chéad chéim eile.

142. A

Riail 1: Bogtar ciorcail (idir scáthaithe agus neamhscáthaithe) ó bharr go bun, agus bíonn siad le feiceáil arís ag an mbarr i ndiaidh dóibh an bun a bhaint amach.

Riail 2: Déantar scáthú na gcearnóg a mhalartú i ngach céim.

Riail 3: Nuair a 'léimeann' ciorcail trí chearnóg, is amhlaidh a bhíonn scáthú na cearnóige air sa chéad chéim eile. Má bhí an scáthú céanna air agus a bhí ar an gcearnóg, ní tharlaíonn dada.

143. B

Riail 1: Tiontaítear na cruthanna leis na ciorcail ar bhonn ceartingearach ceann ar cheann, ó chlé go deas.

Riail 2: Agus cruth tiontaithe, is amhlaidh a thosaíonn na ciorcail ann ag ‘titim’ amach as agus isteach sa chéad chruth eile, ceann ar cheann, ag tosú leis an gceann ag an mbun ar dtús.

Riail 3: Athraítear scáthú na gciorcail atá ag titim.

144. E

Riail 1: Rothlaítear an líne a bhfuil an ciorcal taobh amuigh di 90 céim ar tuathal agus ansin déantar í a léiriú go cothrománach, ansin déantar aishilleadh ar an bpatrún.

Riail 2: Déantar aithris ar an gcruth dronuilleogach go ceartingearach idir gach céim.

Riail 3: Bogtar na ciorcail scáthaithe ag pointí na dronuilleoige ar deiseal i bpatrún 1-2-1 chéim.

145. A

Riail 1: Rothlaítear an cruth iomlán 90 céim ar deiseal i ngach céim.

Riail 2: Bogtar an scáthú céim ar deiseal thar na trí chuid.

Riail 3: Déantar ionaid na gciorcail scáthaithe agus neamhscáthaithe a mhalartú i ngach céim.

146. D

Riail 1: Bogtar na saigheada ó chlé go deas idir céimeanna. I ndiaidh dóibh an t-ionad is faide ar dheis a bhaint amach, is amhlaidh a bhíonn siad le feiceáil arís ar thaobh na láimhe clé.

Riail 2: Leanann na saigheada an patrún dírithe seo a leanas: síos-suas-suas.

Riail 3: Tógtar le gach scáthú aon chéim amháin i ngach ról, ó chlé go lár go deas. Nuair a bhíonn siad ag deireadh an ró is amhlaidh a bhogtar chuig ionad clé an chéad ról eile iad (ag an mbarr nó ag an mbun).

147. C

Riail 1: Bogtar an chearnóg scáthaithe ó chlé go deas thar an ró de chearnóga i bpatrún 2-1-2 chéim agus malartaítear idir rónna i ndiaidh di imeall deas na fíorach a bhaint amach.

Riail 2: Bíonn an ciorcal scáthaithe mar a bhíonn sé sa ról ag an mbarr, agus bíonn sé neamhscáthaithe mar a bhíonn sé sa ról ag an mbun.

Riail 3: Bogtar an ciorcal timpeall na rónna, dhá chéim san am ó chlé go deas nuair is sa ról ag an mbun atá a phointe tosaigh, agus aon chéim amháin san am ó dheas go clé nuair is sa ról ag an mbarr atá a phointe tosaigh.

148. E

Riail 1: Bogtar an triantán scáthaithe taobh istigh den chearnóg bheag dhá ionad agus ansin aon ionad amháin ar deiseal idir céimeanna.

Riail 2: Bogtar an ciorcal sa chearnóg bheag ar deiseal timpeall na gceithre triantán.

Riail 3: Bíonn ciorcal le feiceáil i mír den chearnóg mhór i ngach céim ag dul ar deiseal.

Riail 4: Má bhíonn an scáthú agus an ciorcal beag le feiceáil sa mhír chéanna i gcéim áirithe, is amhlaidh a dhéantar an ciorcal a chuirfear leis an gcearnóg mhór a scáthú.

149. C

Riail 1: I gcéimeanna as a chéile, déantar ciorcail ina bhfuil comhartha lúide (–) de na ciorcail bhána, déantar ciorcail ina bhfuil comhartha móide (+) de na ciorcail – agus déantar ciorcail bhána de chiorcail +.

Riail 2: Nuair a dhéantar ciorcail – de chiorcail bhána, is amhlaidh a bhogtar chuig an lár iad; nuair a dhéantar ciorcail + de chiorcail – is amhlaidh a bhogtar chuig na coirméil iad, agus fanann siad sna coirméil nuair a dhéantar iad a athshocrú go bán, á bhogadh chuig an lár arís nuair a dhéantar ciorcail – díobh.

150. E

Riail 1: I ngach céim, tagann ciorcal nua chun cinn agus athraítear an áit a gcuirtear an ciorcal idir an colún ar chlé agus ar dheis gach re seal. Nuair a chuirtear ciorcal nua le ceann de na colúin, is amhlaidh a bhrúitear síos gach ciorcal a cuireadh isteach roimhe sin aon ról amháin ar an taobh úd.

Riail 2: Tosaíonn gach ciorcal ar an taobh amuigh agus ansin bogtar aon chéim amháin i dtreo an láir, agus ansin déantar aishilleadh ar an ord.

Riail 3: Bogtar scáthú na dronuilleoige ó chlé go deas agus ó bharr go bun i bpatrún 1-2-1. I ndiaidh dó an coirnéal íochtarach ar dheis a bhaint amach, is amhlaidh a leanann sé ar aghaidh ón mbarr.

Riail 4: Déantar ciorcail a scáthú nuair a bhíonn siad suite san áit chéanna leis an dronuilleog scáthaithe.

151. D

Riail 1: Athraítear na grúpaí ciorcail de réir an phatrúin seo a leanas: (1) bogtar céim ó chlé go deas leis na ciorcail ag an mbarr; (2) bogtar an ciorcal ag an líne cheangailte cheartingearach síos chuig an mbun; (3) bogtar céim ó dheas go clé leis na ciorcail ag an mbun; (4) bogtar an ciorcal ag an líne cheangailte cheartingearach suas chuig an mbarr. Déantar aisfhilleadh ar an ord seo ansin.

Riail 2: Athraítear scáthú na gcorcal a bhogtar síos nó a bhogtar suas agus fanann siad ar an gcaoi sin.

Riail 3: Athraítear scáthú na gcorcal mór (go leithleach) i ngach dara seal, i.e. athraítear scáthú an chiorcail ar chlé sa dara, sa cheathrú agus sa séú fíor, faoi mar a athraítear scáthú an chiorcail ar dheis sa tríú agus sa chúigiú fíor.

152. C

Riail 1: Bogtar an dá chiorcal scáthaithe aon ionad amháin ar deiseal i ngach céim.

Riail 2: Tiontaítear treo na línte gearra dúbailte atá ag dronuillinneacha leis na príomhlínte ceangailte nuair a bhíonn dhá chiorcal scáthaithe ag dhá thaobh den phríomhlíne a bhfuil siad ceangailte léi.

Riail 3: Déantar ciorcail scáthaithe / neamhscáthaithe, scáthaithe / scáthaithe, neamhscáthaithe / neamhscáthaithe a cheangal (le líne a bhfuil cló trom fúithi), agus ansin déantar aisfhilleadh ar an bpatrún. Bíonn líne cheangailte bhreise le feiceáil i ngach fíor, a cheanglaíonn an ciorcal scáthaithe leis an gcorcal neamhscáthaithe ar dtús, ansin ciorcal scáthaithe le ciorcal scáthaithe, agus ar deireadh ciorcail neamhscáthaithe le ciorcal neamhscáthaithe, agus ansin déantar aisfhilleadh ar an tsraith.

153. E

Riail 1: Bogtar na triantáin scáthaithe sna rónna ag an mbun agus ag an mbarr araon céim ó chlé go deas gach re seal.

Riail 2: Rothlaítear na triantáin siúd sa ró ag an mbarr ar a ndírítear na triantáin scáthaithe sa ró ag an mbarr 90 céim ar tuathal sa chéad chéim eile.

154. E

Riail 1: Athraítear cumraíocht na lámh ar thaobh uachtarach na líne cothrománaí ceann ar cheann ó chlé go deas, agus ansin ó dheas go clé.

Riail 2: Athraítear cumraíocht na lámh ar thaobh íochtarach na líne cothrománaí ceann ar cheann ó dheas go clé, agus ansin ó chlé go deas.

Riail 3: Bíonn ciorcail ar fhoircinn na lámh a ndéantar aithris chothrománach orthu.

155. A

Riail 1: Bogtar an ciorcal scáthaithe ar an taobh istigh ar chlé ón mbarr chuig an mbun. I ndiaidh dó an bun a bhaint amach, is amhlaidh a dhéantar é a athshocrú go dtí an t-ionad ag an mbarr.

Riail 2: Bogtar an ciorcal scáthaithe ar an taobh istigh ar dheis ón mbun chuig an mbarr. I ndiaidh dó an barr a bhaint amach, is amhlaidh a dhéantar é a athshocrú go dtí an t-ionad ag an mbun.

Riail 3: Déantar na ciorcail amuigh atá taobh leis na ciorcail scáthaithe istigh a scáthú iad féin an chéad seal eile.

Riail 4: Athraítear treo na lámh pé am a mbíonn an dá chiorcal istigh taobh lena chéile scáthaithe nó neamhscáthaithe.

156. B

Riail 1: Bogtar na grúpaí ciorcal taobh istigh de theascáin an chiorcail mhóir ar deiseal ó theascóg go teascóg.

Riail 2: Bogtar an dá chiorcal scáthaithe i gcoirnél na fíorach aon chéim amháin ar deiseal gach re seal.

Riail 3: Déantar ciorcal scáthaithe de chiorcal amháin ó gach grúpa ciorcail ar an taobh istigh a bhíonn san ionad céanna agus atá ceachtar de na ciorcail scáthaithe ar an taobh amuigh sa chéad chéim eile. Má tá ciorcal ón ngrúpa scáthaithe cheana féin, is amhlaidh a dhéantar ceann breise a scáthú (má tá ciorcail bhreise sa ghrúpa).

157. D

Riail 1: Ag bogadh ar deiseal, rothlaítear aon triantán amháin 180 céim i ngach céim.

Riail 2: Bogtar an scáthú trasna na dtriantán ar deiseal, ag tosú ón mbarr.

Riail 3: Nuair a bhíonn an scáthú ar thriantán, is amhlaidh a rothlaítear an triantán 90 céim ar deiseal; ansin, sa chéim ina dhiaidh sin, rothlaítear é 90 céim ar deiseal arís.

158. A

Riail 1: Bogtar aon chiorcal amháin ón gcoirnéal uachtarach ar chlé chuig an gcoirnéal íochtarach ar chlé, ansin chuig an gcoirnéal uachtarach ar dheis, ansin chuig an gcoirnéal íochtarach ar dheis. Ansin tosaítear ar chiorcal eile a bhogadh ar an gconair chéanna.

Riail 2: Nuair a bhíonn ciorcal sa choirnéal íochtarach ar chlé, is amhlaidh a dhéantar ciorcal sa choirnéal íochtarach ar dheis a scáthú don chuid eile den tsraith.

Riail 3: Nuair a bhíonn ciorcal sa choirnéal uachtarach ar dheis, is amhlaidh a dhéantar ciorcal sa choirnéal uachtarach ar chlé (más ann) a scáthú don chuid eile den tsraith.

159. A

Riail 1: Bogtar na ceathrúna scáthaithe de na cearnóga móra agus beaga araon céimeanna ar deiseal gach re seal. Ciallaíonn an méid sin nach mbogtar scáthú i gceachtar de na cearnóga ach gach dara céim.

Riail 2: Athraíonn an chearnóg bheag idir bheith chun tosaigh ar an gcearnóg mhór nó a bheith taobh thiar di gach re seal.

160. C

Riail 1: Athraíonn gach ciorcal idir bheith scáthaithe agus neamhscáthaithe gach re seal. Déantar athrú clé-deas ar na cinn siúd atá 'ar crochadh' ón mbarr gach re seal faoi mar a dhéantar athrú bun-barr orthu siúd atá ceangailte leis an taobh.

Riail 2: I ngach céim, cuirtear dhá chiorcal leis an bhfíor. I gcéimeanna cothroma, cuirtear iad leis an ngrúpa ag an mbun ar an taobh agus leis an ngrúpa ar chlé ag an mbarr; i gcéimeanna corra, cuirtear iad leis an ngrúpa ag an mbarr ar an taobh agus leis an ngrúpa ar dheis ag an mbarr.

Riail 3: Athraíonn na línte a cheanglaíonn na ciorcail idir bheith infheicthe agus dofheicthe gach re seal.



